# An Measúnú Foirmitheach

# agus

# MRB 2: Ag Idirghníomhú trí Ghaeilge



## An Measúnú Foirmitheach agus MRB 2: Ag idirghníomhú trí Ghaeilge



Cabhróidh an acmhainn seo leat:

- Tuiscint a fhorbairt ar mheasúnú foirmitheach
- Pleanáil a dhéanamh chun leas a bhaint as an measúnú foirmitheach
- Deiseanna a thapú chun an measúnú foirmitheach a chur chun cinn sa rang
- Teacht ar threoir, ar thaighde agus ar thacaíochtaí eile chun tuilleadh léargais a fháil ar an measúnú foirmitheach

A bhfuil sa

# Chreat don tSraith Shóisearach

faoin Measúnú Foirmitheach

'Ba chóir go mbeadh an tacaíocht d'fhoghlaim an scoláire mar phríomhchuspóir ag gach measúnú sa tsraith shóisearach, pé acu foirmitheach nó suimitheach... Léiríonn taighde go dtarlaíonn na buntáistí is mó d'fhoghlaim scoláirí nuair a chuireann múinteoirí aiseolas éifeachtach ar fáil dóibh a chuidíonn leo tuiscint a fháil ar an tslí inár féidir leo a bhfoghlaim a fheabhsú. Sin é an fáth nach féidir plé maidir le cuir chuige don fhoghlaim ardcháilíochta a dheighilt ón bplé ar mheasúnú... Baineann measúnú leanúnach le cleachtas a bhíonn foirmitheach agus suimitheach araon.'

*An Creat don tSraith Shóisearach* (2015) lch. 37

A bhfuil le hinsint ag

# Cigireachtaí Ábhair

faoin Measúnú Foirmitheach



‘Ag leibhéal an tseomra ranga agus na roinne ábhair, ní mór measúnú a úsáid go rialta chun críocha foirmitheacha d’fhonn an teagasc agus an fhoghlaim a thacú, a threorú agus a fheabhsú. Cruthaíonn úsáid an mheasúnaithe fhoirmithigh bonn éifeachtach freisin chun aiseolas bríoch a sholáthar do scoláirí agus chun cumas féinmheasúnaithe agus freagrachta scoláirí as a gcuid foghlama féin a fhorbairt.’

*A bhfuil le hinsint ag Cigireachtaí Ábhair dúinn faoi chur i bhfeidhm na Sraithe Sóisearaí* (2023) lch. 17

A bhfuil le hinsint ag

# Cigireachtaí Ábhair

faoin Measúnú Foirmitheach



‘ Tugadh an cleachtas ab éifeachtaí faoi deara nuair a bhí an MRB mar chuid den ghnáthphróiseas teagaisc, foghlama agus measúnaithe. Thagair múinteoirí agus scoláirí araon go dearfach don raon scileanna a léiríodh le linn an phróisis MRB. Luaigh roinnt múinteoirí an deis a thug an MRB do scoláirí machnamh a dhéanamh ar a gcuid oibre agus aiseolas a fháil óna bpiaraí. Thuairiscigh daoine eile ar an bhfeabhas a tháinig ar scileanna labhartha agus cur i láthair na scoláirí.’

*A bhfuil le hinsint ag Cigireachtaí Ábhair dúinn faoi chur i bhfeidhm na Sraithe Sóisearaí* (2023) lch. 10

A bhfuil le hinsint ag Cigireachtaí Ábhair maidir le Measúnú Foirmitheach

## ag leibhéal na scoile uile



'Ionas go mbeidh feidhmiú na Sraithe Sóisearaí éifeachtach ag leibhéal na scoile uile, ní mór do scoileanna cultúr a chothú ina mbíonn ardluach ar úsáid an mheasúnaithe chun críocha foirmitheacha. Ba cheart go mbeadh measúnú foirmitheach, lena n-áirítear MRBanna, mar chuid lárnach de theagasc agus d'fhoghlaim éifeachtach. Tá sé tábhachtach go léireodh ceannairí scoile ceannródaíocht ina leith seo trí chloí le riachtanais Chiorclán 28/2023 na Roinne Oideachais maidir le sceidealú MRBanna agus riachtanais Chiorclán17/2020 na Roinne Oideachais maidir le bainistiú cruinnithe AFMÁ.'

*A bhfuil le hinsint ag Cigireachtaí Ábhair dúinn faoi chur i bhfeidhm na Sraithe Sóisearaí* (2023) lgh. 16-17

# MRB 2


## Ról an mhúinteora

# Measúnú foirmitheach agus MRB 2

Glacann an múinteoir ról treorach, comhairleach, foirmitheach i rith phróisis ullmhúcháin agus chur i gcrích MRB 2. Mar chroíchuid den eispéireas foirmitheach, treoraíonn an múinteoir an scoláire faoina bhfuil i gceist leis an Measúnú Rangbhunaithe seo, tacaíonn sé leis sna cinntí agus roghanna atá le déanamh aige agus tugann sé aiseolas dó chun a chuid foghlama a fheabhsú agus a chur chun cinn.

| Ar dtús | Le linn an phróisis | Ar a chríochnú |
|---|---|---|
| Le linn na tréimhse ullmhúcháin do MRB 2, tugann an múinteoir treoir agus deis don scoláire chun:<br><br>▪ Ábhar/topaic agus formáid a roghnú<br>▪ Tabhairt faoi MRB 2 ina aonar / i ngrúpa<br>▪ Na gnéithe cáilíochta a phlé<br>▪ Critéir ratha a chumadh<br>▪ Cursaí ama a phlé (Cuid 1 agus Cuid 2)<br>▪ Taighde a dhéanamh<br>▪ Amlíne a chruthú don obair | I rith an éispéiris foghlama, tugann an múinteoir deiseanna don scoláire chun:<br><br>▪ Machnamh a dhéanamh ar an aidhm atá aige<br>▪ Aiseolas a lorg ón múinteoir<br>▪ Aiseolas a lorg ó chomhscoláirí<br>▪ Machnamh a dhéanamh ar an aiseolas<br>▪ An t-aiseolas cuí a chur i bhfeidhm<br>▪ Cleachtadh a dhéanamh ar dhréachtleagan dá phíosa cainte | Agus MRB 2 curtha i gcrích ag an scoláire, tugann an múinteoir treoir agus deis don scoláire:<br><br>▪ Machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim atá i gceist<br>▪ Machnamh a dhéanamh ar a dhul chun cinn<br>▪ Nóta machnamhach a scríobh chun cur síos a dhéanamh ar an bhfoghlaim san eispéireas iomlán |

# Measúnú Foirmitheach agus Folláine an Scoláire




Tá *Fanacht Folláin* ar cheann de phríomhscileanna an scoláire a chothaítear i rith Mheasúnaithe Rangbhunaithe 2. Tríd an eispéireas foghlama foirmitheach seo, tógtar ar mhuinín an scoláire agus déantar forbairt ar a chumas féinriair. Cuirtear lena chuid folláine mar dhuine atá ceangailte lena scoil. Tuigtear dó go n-éistear lena smaointe/lena thuairimí agus léiríonn sé meas ar smaointe/ar thuairimí daoine eile. Aithníonn sé an feabhas a thagann ar chailíocht na hoibre de réir mar a dhéanann sé machnamh agus de réir mar a ghníomhaíonn sé ar aiseolas.

# Measúnú Foirmitheach agus Folláine an Scoláire

| Le linn na tréimhse ullmhúcháin do chuid 1 de MRB 2 | Le linn chuid 1 agus chuid 2 den MRB | Ag deireadh an phróisis foghlama agus mheasúnuithe |
| --- | --- | --- |
| Le linn don scoláire a bheith i mbun ullmhucháin, tugann an múinteoir aiseolas don scoláire:<br><br>▪ A chabhraíonn leis na buanna ina chuid iarrachtaí a cheiliúradh<br><br>▪ Na bearnaí san fhoghlaim a aithint agus tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh.<br><br>▪ A mheabhraíonn don scoláire piar-aiseolas a lorg agus a thabhairt freisin | Éisteann an múinteoir le píosa cainte/taibhiú an scoláire agus léiríonn sé spéis ann. Déanann an múinteoir measúnú foirmitheach ar idirghníomhú cainte an scoláire:<br><br>▪ Trí cheisteanna a chur ar mhaithe le comhrá a fhorbairt<br><br>▪ Trí cheisteanna a chur ar bhealach eile má bhíonn deacrachtaí tuisceana ag an scoláire<br><br>▪ Trí ghné nó dhó de phíosa cainte an scoláire a mholadh<br><br>▪ Trí mhisneach agus trí mhuinín a chothú sa scoláire chun an comhrá a choinneáil sa tsiúl | Nuair a bhronnann an múinteoir an tuairiscín cuí ar obair an scoláire (tar éis an chruinniú AFMÁ), tugann sé aiseolas foirmitheach don scoláire:<br><br>▪ Ag cur in iúl dó na buanna a bhain lena chuid oibre<br><br>▪ Ag lua cuid de na bearnaí san fhoghlaim atá fós le forbairt aige<br><br>▪ Ag plé na chéad chéimeanna eile ina aistear foghlama |

# Acmhainní eile: Fócas ar an bhFoghlaim

Is féidir tuilleadh léargais a fháil ar ghnéithe den mheasúnú foirmitheach tríd an tsraith leabhrán *Fócas ar an bhFoghlaim.*

Ar fáil ó shuíomh CNCM nó trí chliceáil ar na naisc thíos:

### Intinní foghlama agus critéir ratha




ncca-junior-cycle-assessment-workshop-1-ga.pdf

### Ceistiú éifeachtach




ncca-junior-cycle-assessment-workshop-2-ga.pdf

### Aiseolas foirmitheach




ncca-junior-cycle-assessment-workshop-3-ga.pdf

### Scoláirí ag machnamh ar a gcuid foghlama




ncca-junior-cycle-assessments-workshop-4-ga.pdf